Mar Cheannaire Rialála beidh tú in ann cur le réimse leathan oibre le tiarnaí talún sóisialta lena n-áirítear measúnú riosca, dearbhú a fháil agus straitéisí rialála rannpháirtíochta comhréireacha a chruthú in éineacht le CTCanna, chun a chinntiú gur féidir leo beart a dhéanamh de réir a mbriathair sna réimsí a bhaineann le rialachas, bainistíocht airgeadais agus feidhmíocht.

Oibreoidh tú le Foireann Rialála chun maoirseacht a dhéanamh ar phunann CTCanna. Beidh deis agat chomh maith oibriú le comhghleacaithe ar fud an rialtóra chun cur le forbairt ar ár gcreat rialála, ár mbeartais agus ár dtreoir.

## PRÍOMHDHUALGAIS & PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

Áireofar le dualgais agus freagrachtaí an iarrthóra rathúil na nithe seo a leanas:

- Measúnú grinn a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó CTCanna trí phróisis rialála ÚRCTC agus freagairtí rialála iomchuí bunaithe ar riosca a mholadh.
- Anailís, measúnú, tuairisciú agus cur i láthair a dhéanamh ar phríomhshonraí agus ar phríomhfhaisnéis feidhmíochta CTCanna.
- Chun a chur go héifeachtach le cur i gcrích agus le comhordú an chláir measúnaithe rialála.
- Chun a chur go héifeachtach le measúnú riosca, le monatóireacht agus le measúnú ar CTCanna lena n-áirítear meastóireacht ar conas a éiríonn le heagraíochtaí i gcoinne na gCaighdeán le haghaidh CTCanna.
- An caidreamh le páirtithe leasmhara a bhainistiú, lena n-áirítear cruinnithe a reáchtáil le CTCanna.
- Obair dhearbhaithe cháilíochta a bhaineann leis an gcreat rialála a thabhairt chun críche.
- Bheith i gceannas ar fhoilseacháin ÚRCTC agus chun a chur leo, lena n-áirítear treoir agus comhairle a fhorbairt do CTCanna.
- Bheith i gceannas ar thionscadail agus ar thascanna agus chun a chur leo d’fhonn tacú le cuspóirí rialála ÚRCTC a chur i gcrích.
- Beartas agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Dualgais ar bith eile de réir mar a ordófar ó am go ham.

## CRITÉIR CHÁILITHEACHTA

Ní mór d’iarratasóirí na ceanglais fhíor-riachtanacha seo a leanas a chomhlíonadh sula gceapfar iad:

- Bheadh céim (Leibhéal 7 den CNC ) nó taithí choibhéiseach i réimse ábhartha amhail airgeadas, rialáil, comhlíonadh, dlí, rialachas, bainistíocht riosca, an earnáil charthanachta nó disciplíní dearbhaithe ina buntáiste.

- Taithí ar anailís agus ar mheasúnú sonraí.

## CRITÉIR INMHIANAITHE

- Scileanna anailíse le cumas sonraí agus eolas bainistíochta a cheistiú chun patrúin a aithint, príomhthéamaí agus torthaí a tharraingt amach chun tacú le cinntí.
- Scileanna cumarsáide scríofa agus labhartha den scoth.
- Taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon.
- Taithí ar éilimh nach bhfuil ag teacht le cheile a bhainistiú agus ar fhreagairt a dhéanamh do spriocdhátaí teanna nuair is gá.
- Bheadh cáilíocht ghairmiúil nó cáilíocht pháirteach sa chuntasaíocht ina buntáiste.

## PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT ÉIFEACHTACH AG AN nGRÁD SEO

Ní mór d'iarratasóirí a léiriú, trí thagairt a dhéanamh d'éachtaí ar leith atá déanta acu ina ngairm bheatha go dtí seo, go bhfuil na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas seo a leanas acu atá riachtanach don ról mar Cheannaire Rialála.

### Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Forbraíonn agus cothaíonn sé/sí caidreamh oibre dearfach, táirgiúil agus tairbheach.
- Cuireann sé/sí eolas i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach trí labhairt agus trí scríobh.

### Torthaí a Bhaint Amach

- An cumas aige/aici obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta go héifeachtach agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin á sainaithint agus moltaí praiticiúla dá gcur chun feidhme á bhforbairt.

### Anailísiú & Cinnteoireacht

An cumas faisnéis a mheasúnú maidir le fadhb, an fhaisnéis a anailísiú agus réiteach a mholadh.

### Saineolas

